2024/330

17.1.2024

CINNEADH (CBES) 2024/330 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Eanáir 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2019/2009 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontuithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2022/2276 ([2]) ón gComhairle, cuireadh síneadh 13 mhí le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009, go dtí an 23 Eanáir 2024.

(4) D'iarr an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) go gcuirfí síneadh 6 mhí le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2019/2009, go dtí an 21 Iúil 2024, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/2009 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(5) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2009 go dtí an 21 Iúil 2024 a fheidhmiú gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(6) Ba cheart glacadh leis an iarraidh ar shíneadh trí Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh (CBES) 2019/2009, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5, mír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 21 Iúil 2024.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 42).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2276 ón gComhairle an 18 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 300, 21.11.2022, lch. 42).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. VAN PETEGHEM